




## 2014 Tuarascáil Bhliantúil don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt



## Clár na nÁbhar

---

1. Réamhrá .....	2
2. Maidir leis an gCoimisiún um Rialáil Eitlíochta .....	4
3. Táillí agus Rialáil Sliotán .....	7
4. Ceadúnú agus Faomhadh.....	15
5. Cearta Aerphaisinéirí .....	22
6. Feidhmeanna Riaracháin agus Díl .....	26
7. Faisnéis Airgeadais .....	30
8. Aguisín .....	34

An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta

3ú Urlár, Teach Alexandra, Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2

Teil: +353 1 6611700 Facs: +353 1 6611269 <http://www.aviationreg.ie/> [info@aviationreg.ie](mailto:info@aviationreg.ie)

## 1. Réamhrá

---

Cuireann sé áthas orm Tuarascáil Bhliantúil an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta a chur i láthair. Tugann an Tuarascáil gearrchuntas ar ghníomhaíochtaí an Choimisiúin le bliain anuas mar a bhaineann lena réimse feidhme, mar aon le clár oibre don bhliain atá romhainn agus cuireann an Tuarascáil sliocht as dréachtráitis Airgeadais an Choimisiúin don bhliain dar críoch 31ú Nollaig, 2014 i láthair.

Is iad príomhfheidhmeanna reachtúla an Choimisiúin ná na táillí aerfoirt ag Aerfort Bhaile Átha Cliath agus na táillí seirbhíse aerstáisiún a chuireann Údarás Eitlíochta na hÉireann i bhfeidhm ag Aerfoirt an Stáit a rialáil. I nDeireadh Fómhair rinne an Coimisiún an ceathrú cinneadh maidir le táillí aerfoirt a bhí le gearradh ag daa (Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath) ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. Cuireann an cinneadh laghdú ar an meántáille aerfoirt in aghaidh an phaisinéara sna cúig bliana atá romhainn; roinneann sé seo ar na húsáideoirí torthaí na n-éifeachtaí atá bainte amach ag daa le cúig bliana anuas.

I mí na Nollag 2014 tháinig deireadh le rialáil tháillí seirbhíse aerstáisiún an Choimisiúin de bharr oibriú dlí na hEorpa a bhí infheidhme go díreach. Ciallaíonn sé seo, ó 1ú Eanáir 2015, nach mbeidh Údarás Eitlíochta na hÉireann ceangailte feasta ag an gcinneadh faoi tháillí seirbhíse aerstáisiún a rinneadh in 2011. Ina áit sin beidh sé de dhualgas air a chuid táillí a shocrú de réir rialúchán Aontas na hEorpa, atá ar aon dul, go bunúsach, leis an gcóras atá sa tír seo. Léiríonn an trasdul seo ó bhunús dlí na tíre go dtí dlí na hEorpa an treo a bhfuil cúrsaí ag dul san eitlíocht, athruithe a fhágann go bhfuil an earnáil á rialú níos mó agus níos mó ag rialacha atá á socrú ag an leibhéal idirnáisiúnta agus atá curtha i bhfeidhm ag údaráis inniúla ainmnithe sa bhaile.

Tá an Coimisiún fós ag eisiúint ceaduithe agus ag déanamh maoirseachta lena chinntiú go bhfuil ceadúnais aeriompróirí, láimhseálaithe ar talún, tionscnóirí turas agus gníomhairí taistil i gceart agus cothrom le dáta. San iomlán tá ceadúnais eisithe aige do 340 gnólacht sna hearnálacha sin. Sin méadú de 5 ghnólacht ar 2013.

Mar a bhaineann le cearta aerphaisinéirí, phróiseáil an fhoireann 4,209 fiosrúchán nó clamhsán ó phaisinéirí a bhain le diúltú cead dul ar bord, eitiltí curtha ar ceal, moilleanna agus míchumas soghluaisteachta. Is ionann sin agus laghdú de 2% ar fhigiúirí 2013.

Tá Aerfort Bhaile Átha Cliath ainmnithe mar aerfort atá comhordaithe de réir sliotán. Ciallaíonn sé sin nach mór go mbeadh sliotán cionroinnte roimhré ag aeriompróirí chun tuirlingthe agus chun imeachta ann. Cheap Airport Coordination Limited chun an obair sin a dhéanamh in 2011.


Chríochnaigh an Coimisinéir um Rialáil Eitlíochta, an tUas. Cathal Guimard, an dara téarma oifige aige mar Choimisinéir i mí na Bealtaine, 2014. Mar sin de réir fhorálacha an Achta um Rialáil Eitlíochta, 2001, d'éirigh sé as a phost agus fágann sé sin go bhfuil folúntas ann faoi láthair sa Choimisiún. Thug Cathal seirbhís sa Choimisiún, ó thráth a bhunaithe in 2001, mar Cheannasaí um Ghnóthaí Airgeadais, mar leas-Choimisinéir agus mar Choimisinéir le mórghradam. Is mian liom an deis seo a thógáil chun buíochas a chur in iúl dó as a chion tairbhe i leith fheidhmiú rathúil an Choimisiúin, as rialáil eacnamaíochta na hearnála eitlíochta in Éirinn a chur i bhfeidhm agus as an gceannaireacht a thug sé le hocht mbliana anuas. Tar éis imeacht dó threoraigh an tUas. John Spensor, Ceannasaí um Ghnóthaí Airgeadais agus leas-Choimisinéir, an Coimisiún sa tréimhse inar rinneadh an cinneadh deiridh faoi tháillí aerfoirt i mí Dheireadh Fómhair seo caite agus ansin d'fhill sé ar an Ríocht Aontaithe i bhFeabhra, 2015 chun tabhairt faoi dhúshlán nua ansin. Is mian liom mo bhuíochas a chur in iúl do John as a chion tairbhe suntasach d'obair an Choimisiúin le seacht mbliana anuas, go háirithe maidir le rialáil eacnamaíochta a chur i bhfeidhm, agus as a cheannaireacht chomh maith.

Is mian liom mo bhuíochas a chur in iúl don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, an tUas Paschal Donohoe, T.D. agus do na hoifigí ina Roinn as an tacaíocht agus an cúnamh leanúnach a thugann siad don Choimisiún ar mhaithe lena chuid feidhmeanna a chomhlíonadh. Ina theannta sin, ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le foireann Údarás Eitlíochta na hÉireann as an tacaíocht agus an cúnamh a thug siad don Choimisiún agus é i mbun a chuid feidhmeanna, go háirithe sna réimsí sin ina bhfuil coinbhéirseacht ann san obair idir lámha.

Ní éireodh leis an gCoimisiún a chuid spriocanna reachtúla a bhaint amach ná a chuid sainchúram a chomhlíonadh murach cumas, díograis agus tiomantas na foirne atá aige agus is mian liom mo bhuíochas a chur in iúl dóibh as a n-iarrachtaí agus a gcion tairbhe le bliain anuas.

David Hodnett  
Leas-Choimisinéir

## 2. Maidir leis an gCoimisiún um Rialáil Eitlíochta



Is comhlacht poiblí neamhspleách é an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta (CAR) faoi choimirce na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt atá freagrach do Thithe an Oireachtais.

Tógann an Coimisiún treoir ina chuid gníomhaíochtaí ón reachtaíocht a bhaineann leis na réimsí atá faoina chúram. Bunaíodh an Coimisiún ar an 27ú Feabhra, 2001 de bhun an Achta um Rialáil Eitlíochta. Rinne Acht na nAerfort Stáit, 2004, an tAcht Eitlíochta, 2006 agus Acht na nAerfort Stáit (Grúpa Sionainne), 2014, leasú ina dhiaidh sin ar Acht 2001.

Is iad príomhfheidhmeanna na hoifige ná na táillí aerfoirt ag Aerfort Bhaile Átha Cliath a rialáil agus, go dtí deireadh mhí na Nollag 2014, táillí seirbhíse aerstáisiún a rialáil. Tá sé freagrach, chomh maith, as ceadúnú gnólachtaí a oibríonn i réimsí an tionscail taistil. Ina theannta sin tá sé de chúram air reachtaíocht an AE mar a bhaineann le Cearta Aerphaisinéirí agus soláthar cúnamh do Phaisinéirí atá faoi Mhíchumas Soghluaisteachta (PRM) a chur i ngníomh agus a chur i bhfeidhm.

Sna réimsí sin ar fad tá ról suntasach cosanta tomhaltóirí ag an gCoimisiún.

Sa tuarascáil seo tá gearrchuntas ar obair an Choimisiúin in 2014 i ngach ceann de na réimsí feidhme. Ina theannta sin tá dréachtsleachta ó chuntais 2014 curtha i láthair mar aon le heolas a bhaineann le riarachán agus le rialachas corparáideach.

Tá dualgais ar fad an Choimisiúin, faoi na trí cheanteideal feidhmíochta tugtha thíos.

### **Táillí Aerfoirt agus Rialáil Sliotán**

- Socraíonn an Coimisiún caidhp praghais a chuireann teorainn leis an teacht isteach iomlán in aghaidh an phaisinéara is féidir le daa a bhailiú ó tháillí aerfoirt ag Aerfort Bhaile Átha Cliath.
- go dtí deireadh mhí na Nollag, 2014 rinne sé na táillí seirbhíse aerstáisiún a chuir an IAA i bhfeidhm ag Aerfoirt Chorcaí, Bhaile Átha Cliath agus na Sionainne a rialáil.
- mar údarás neamhspleách náisiúnta maoirseachta cinntíonn sé géilliúntas le treoir na hEorpa maidir le táillí aerfoirt.
- ceadaíonn sé an tobhach ar tháillí aerfoirt a ghearrtar ar aerlínte chun seirbhísí do phaisinéirí atá faoi mhíchumas soghluaisteachta a mhaoiniú.
- ceadaíonn sé aon athruithe a chuirtear ar tháillí a bhaineann údaráis na nAerfort amach i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh nó sa tSionainn ar mhaithe le rochtain chuig suiteálacha a theastaíonn chun seirbhísí láimhseála ar talamh a chur ar fáil
- socraíonn sé stádas sceidealaithe aerfoirt na hÉireann faoi Rialúcháin Chionroinnt na Sliotán, agus ceapann sé éascaitheoir cionrointe nó comhordaitheoir nuair is gá.



## Ceadúnú agus Faomhadh

- Cuireann an Coimisiún ceadúnais ar fáil d'aeriompróirí atá bunaithe in Éirinn chun paisinéirí, post nó lastas a iompar ar mhaithe le luach saothair agus/nó cíós
- cuireann sé ceadúnais ar fáil do ghníomhairí taistil agus do thionscnóirí turas a dhíolann taisteal thar lear
- riarann sé scéim bannaí le haghaidh gníomhairí taistil agus tionscnóirí turas agus déanann sé próiseáil ar éilimh ar aisíocaíochtaí agus ar aisdúichiú sa chás go gcliseann ar ghníomhaire taistil nó ar thionscnóir turas
- fiosraíonn sé cásanna líomhnaithe trádála a bheadh mídhleathach agus nuair is gá cuireann sé an dlí ar thrádálaithe mídhleathacha
- Faomhann sé comhlachtaí atá páirteach i ngníomhaíochtaí láimhseála ar talamh, mar sh. eagrú aerárthaí, luchtú/díluchtú, athbhreoslú, láimhsiú bagáiste, déileáil le paisinéirí agus cothabháil aerárthaí ag Aerfoirt Bhaile Átha Cliath, Chorcaigh agus na Sionainne.

## Ceartha Aerphaisinéirí

I gcás na n-eitiltí ar fad a bhíonn ag fágáil aerfoirt na hÉireann agus eitiltí a thagann isteach go haerfoirt na hÉireann as tíortha nach bhfuil san AE (má bhíonn siad á n-oibriú ag iompróirí atá ceadaithe ag an AE), fiosraíonn an Coimisiún clamhsáin maidir le:

- cealuithe eitiltí
- moilleanna de dhá uair a chloig ar a laghad ar eitiltí
- cásanna ina ndiúltaítear cead dul ar bord nó cásanna íosghrádaithe

Fiosraíonn sé leis clamhsáin a bhaineann leis an gcúnamh a chuirtear ar fáil do dhaoine atá faoi mhíchumas agus do dhaoine lena mbaineann soghluaisteacht teoranta (PRM) agus iad:

- ag cur suíochán in áirithe
- ag taisteal trí aerfort in Éirinn
- ar bord eitilte a d'fhág as aerfort in Éirinn

### 3. Táillí agus Rialáil Sliotán

Bhain mórchuid d'obair rannóg eacnamaíochta an Choimisiúin in 2014 le cinneadh a dhéanamh faoi tháillí aerfoirt in Aerfort Bhaile Átha Cliath don tréimhse 2015-2019. D'fhoilsigh an Coimisiún an Cinneadh Deiridh i nDeireadh Fómhair agus mar thoradh air sin tiocfaidh laghdú dáiríre de 19% ar an uasphraghas ag Aerfort Bhaile Átha sa tréimhse cúig bliana sin. Fágfaidh leagan amach seo na dtáillí go mbeidh coigilteas de €475m ag paisinéirí agus ag aerlínte i gcomparáid leis na táillí atá molta ag daa agus ag an am céanna cuirfidh sé ar chumas an daa spriocanna an dréachtphlean Náisiúnta Eitlíochta<sup>1</sup> a bhaint amach.

In 2014 lean an Coimisiún ar aghaidh ag comhlíonadh a chuid dualgas mar údarás neamhspleách maoirseachta mar a bhain le treoir an AE i leith tháillí aerfoirt, agus chinntigh sé gur chloígh an daa agus IAA le cinntí a rinneadh roimhe seo agus d'fhéach an Coimisiún chuige gur oibrigh comhordú na sliotán go héifeachtúil ag Aerfort Bhaile Átha Cliath.

#### Táillí Aerfoirt

##### *An 4<sup>ú</sup> Cinneadh 2015-2019*

D'fhoilsigh an Coimisiún a Dhréachtchinneadh i mí Bealtaine a thug eolas faoi chosán na dtáillí a bhí molta i leith uasleibhéal na dtáillí aerfoirt ag Aerfort Bhaile Átha Cliath don tréimhse 2015 go 2019. Doiciméad Comhairliúcháin a bhí ann a thug míniúcháin mhionsonracha agus a chuir fianaise ar fáil faoin gcaoi a tháingthas ar an táille. Mar aon leis an Dréachtchinneadh d'fhoilsíomar:

- an múnla airgeadais a úsáideadh chun teacht ar an táille, céim a rinne na figiúirí níos follasaí
- staidéar éifeachtúlachta i gcaiteachas oibríochta a rinne Steer Davies Gleave
- staidéar ar chaiteachas caipitil a rinne Ernst & Young

Fuarthas 34 freagra ar an gcomhairliúchán, líon a bhí níos airde ná riamh, agus a chuir éagsúlacht leathan tuairimí i láthair. Tairgeadh cruinniú leis an gCoimisiún do na páirtithe ar fad; ghlac 13 díobh leis an gcuireadh.

Foilsíodh an Cinneadh Deiridh i mí Dheireadh Fómhair. Bhí roinnt difríochtaí idir é féin agus an Dréachtchinneadh; Tháingthas ar na hathruithe seo tar éis machnamh a dhéanamh ar na huirill a fuarthas sa tréimhse comhairliúcháin, mar gheall ar fhianaise nua a bhí ar fáil faoi Dheireadh Fómhair agus mar gheall ar threoir ón Aire a fuair an

<sup>1</sup> Ath-ainmníodh Údarás Aerfort Bhaile Cliath mar “daa” in 2014. Mhol sé €13.50 mar phraghas do 2015-2019 ina mholadh rialaithe:  
[http://www.aviationreg.ie/\\_fileupload/2014-05-29%20DAA%20%20Regulatory%20Proposition%20Overview.pdf](http://www.aviationreg.ie/_fileupload/2014-05-29%20DAA%20%20Regulatory%20Proposition%20Overview.pdf)



Coimisiún i Meán Fómhair. Cé go raibh cuid de na hathruithe sách mór iontu féin, chuir siad an táille anonn is anall, rud a d'fhág go raibh an chaidhp praghais fhoriomlán mórán mar a chéile leis an bhfigiúr sa Dréachtchinneadh. Athraíodh cosán na dtáillí ó íslíú bliantúil 4.8% sa Dréachtchinneadh go dtí íslíú de 4.2% sa Chinneadh Deiridh. I ndáiríre titfidh an t-uastáille de 19% go €8.68 in aghaidh an phaisinéara, faoi 2019. Taispeánann Tábla 3.1 an táille i ngach ceann de na 5 bliana a thagann faoin gCinneadh.


**Tábla 3.1: Caidhp Praghais an Phaisinéara 2015-2019**

	2015	2016	2017	2018	2019
Caidhp Praghais (€)	10.30	9.87	9.45	9.06	8.68
Athrú Bliantúil (%)		-4.2	-4.2	-4.2	-4.2

*Praghsanna mhí Iúil 2014*

Agus é ag teacht ar an gcinneadh seo bhí an Coimisiún ag comhlíonadh na spriocanna reachtúla a bhí aige leas úsáideoirí reatha agus úsáideoirí a d'fhéadfadh Aerfort Bhaile Átha Cliath a úsáid amach anseo a chosaint, forbairt éifeachtúil agus eacnamaíoch an Aerfoirt a éascú agus a chur ar chumas an daa an aerfort a reáchtáil ar bhealach inbhuanaithe agus inmharthana ar bhonn eacnamaíoch.

**Cairt 3.1: Ag teacht ar Chaidhp Praghais 2019 (€)**



Léiríonn Cairt 3.1 conas mar a théann an táille de 10.75 in 2013 go dtí 8.68 faoi 2019. Tá trí phríomhchúis leis an laghdú sa táille ann.

Ar an gcéad dul síos, tá fianaise ann go raibh an daa in ann spriocanna a socraíodh roimhe seo maidir le costais riaracháin a shárú go compordach. Tugann an cinneadh nua seo an deis d'úsáideoirí tosú ag fáil tairbhe na sábháiltí ar chostais atá bainte


amach ag daa. Is fiú breis agus €1 an toisc seo ann féin sa laghdú ar an gcaidhp.

Ar an dara dul síos, tá an costas a bhaineann le caipitil a chruinniú laghdaithe ón gCinneadh roimhe seo. Tá an toradh atá le fáil ar bhannaí ag na leibhéil is ísle le fada. Ciallaíonn sé sin gur féidir leis an toradh ar chaipitil atá ag teastáil chun go mbeidh sé ar chumas an daa infheistíochtaí san am atá caite agus sa todhchaí a mhaoiniú a bheith níos ísle. Tá an t-athrú seo ann féin ag cur caidhp praghais in iúl atá beagnach €1 níos ísle ná mar a bheadh sé thairis sin.

Ar an tríú dul síos ciallaíonn an t-ionchas go mbeidh líon na bpaisinéirí níos airde gur chóir go mbainfeadh daa buntáiste as barainneacht scála sna blianta atá romhainn. Tarlaíonn sé toisc go bhfuil níos mó daoine ann chun costas na hinfheistíochta san am atá caite a iompar, agus i gcás cuid mhaith gníomhaíochtaí san aerfort, ní chiallaíonn paisinéirí breise gur gá go mbeadh ardú dá réir ar chostais riaracháin. D'fhágfadh barainneacht scála maidir le costais riaracháin mar aon le gnóthachain éifeachtúlachta sa todhchaí gur féidir laghdú de thart ar €1 eile teacht ar an gcaidhp.

Tá na tiomántóirí anuas sin curtha ar ceal go dtí pointe ag an ngá atá le liúntais níos airde le haghaidh costas caipitil. Caithfear íoc as an infheistíocht a rinneadh san am atá caite, go háirithe as na costais a bhain le Críochfort 2 a thógáil. Tá méadú 80% ar an mBonn Rialála Sócmhainne (RAB), sé sin an méid caipitil ar féidir toradh a fháil uaidh, ó 2010. Is féidir teacht chun cinn RAB a fheiceáil i gCairt 3.2.

### Cairt 3.2: Teacht chun cinn RAB ó 2010 go dtí 2015



Cuireann an Cinneadh €341m d'infheistíocht caipitil nua san áireamh in Aerfort Bhaile Átha Cliath thar na cúig bliana atá romhainn, caiteachas bliantúil atá ar an meán 50% níos airde ná mar a bhí le ceithre bliana anuas. Ceadófar €308m breise má thagann eachtraí áirithe chun cinn. Mar shampla, má théann líon na bpaisinéirí go dtí 25 milliún

in aon bhliain cuirfear liúntas ar fáil chun rúidbhealach comhthreomhar a thógáil. Tá an leibhéal seo de chaiteachas caipitil ag teacht le spriocanna dréachtphlean Náisiúnta Eitlíochta an Rialtais a chur i gcrích.

Choinnigh Cinneadh 2014 córas caighdeán seirbhíse ag feidhmiú. Tá cuid de na spriocanna dírithe ar leibhéal seirbhíse níos airde ná mar a bhí i gCinneadh 2009. Cé go bhfuil an sprioc 30 nóiméad coinnithe mar uasfhad scuainí slándála, tá sainmhíniú nua againn faoin gcaoi ina ndéantar an scuaine a thomhas chun suntas níos mó a dhéanamh d'eispéireas an phaisinéara. Tomhaiseann an sainmhíniú nua an scuaine ó thús go deireadh agus is sprioc níos déine é ná an ceann a bhí roimhe agus tá sé de thionchar aige uasfhad an scuaine a laghdú de 10 nóiméad.

Fágfaidh Cinneadh 2014 go mbeidh coigiteas de €475m ag úsáideoirí Aerfoirt Bhaile Átha Cliath i gcomparáid leis an táille de €13.50 a mhol daa, nó coigilteas de €152m dá bhfanadh an táille ag leibhéal 2014.

Tar éis ceartuithe maidir le díbhóilsciú idir Iúil agus Deireadh Fómhair, 2014 a chur san áireamh beidh caidhp praghais €10.27 an phaisinéara ann in 2015, faoi réir spriocanna caighdeán seirbhíse a bheith bainte amach agus nach dtarlaíonn aon eachtra thucaide maidir le caiteachas caipitil.

### *Cathair Aerfort Bhaile Átha Cliath*


Tá sé beartaithe ag daa cóiríocht fhairsing oifige a fhorbairt ar bheagnach 70 acra talún cóngarach do na críochfoirt ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. Tá Cathair Aerfort Bhaile Átha Cliath tugtha ar an tionscadal agus cosnóidh sé isteach is amach le €1bn. B'fhearr leis na haerlínte go mbeadh cosaint acu ar amhantar an tionscadail trí é a fhágáil amuigh as an mbuiséad rialála. Tá moladh déanta ag daa an talamh agus na sócmhainní a bhaineann leis an tionscadal seo a bhogadh ón slánaonad rialáilte go dtí an chuid neamhrialáilte den daa, agus ar an gcaoi sin nach mbeadh amhantar an tionscadail ag luí ar na húsáideoirí ach ar scairshealbhóirí daa, sé sin an Rialtas. Bhí an próiseas le luacháil a dhéanamh ar an talamh idir lámha, ach ní raibh sé críochnaithe, nuair a foilsíodh Cinneadh Deiridh 2014. D'fhoilsíomar nóta treorach (CP3/2014) i mí na Nollag 2014 faoin mbealach atáimid ag smaoineamh ar an scoir ón mbuiséad a láimhseáil in 2019. Tá sé i gceist againn úsáideoirí a chosaint ar an amhantar, má théann an tionscadal chun cinn ní chúiteofar aon chaillteanas a bheadh ann trí arduithe ar tháillí aerfoirt ach go mbeidh ar scairshealbhóirí daa, An Rialtas, iad a iompair (ar an gcaoi céanna ní bheidh buntáiste ag úsáideoirí as aon ghnóthachan a bheidh ann). Thug daa le fios don Choimisiún in Eanáir, 2015 go bhfuil sé ag bogadh chun cinn chun an talamh atá i gceist a thógáil amach as an mbuiséad rialáilte.

### *2014 – An Bhliain Deiridh de Chinneadh 2009*

In 2014 dhearbhaíomar gur chloígh daa le caidhp praghais 2013. Thugamar tuairisc

gach ráithe, chomh maith, ar chaighdeán na seirbhíse a bhí á seachadadh in Aerfort Bhaile Átha Cliath. Clúdaíonn an córas chaighdeán seirbhíse atá againn deich dtomhas suirbhéireachta suibiachtúla, ag dul ó chaighdeán na scáthlán eolais faoi eitiltí go dtí cé chomh cabhrach a bhíonn an fhoireann. In 2014 tháinig feabhas ar chuid de na tomhais agus d'fhan an chuid eile mar a chéile in Aerfort Bhaile Átha Cliath. Bhí feabhas le tabhairt faoi deara i rith na bliana chomh maith ar an am a bhí daoine ag fanacht i scuainí slándála. Ar ócáidí in 2013 sháraigh fad na scuainí an sprioc 30 nóiméad atá againn (mar a shainítear i gCinneadh 2009). Níor tugadh aon sárú dá leithéid faoi deara in 2014, áfach. Mar atá luaite thuas beidh an sprioc maidir le scuainí slándála níos déine in 2015 faoi Chinneadh 2014. Taispeánann Cairt 3.3 uasfhad scuainí a bhí ann gach mí in 2013 agus 2014.

**Cairt 3.3: Uasfhad Scuainí Slándála in Aerfort Bhaile Átha Cliath.**



Foinse: *Sonraí tuairiscithe do CAR ag daa*

Bhí roinnt tionscadal caiteachais caipitil i gCinneadh 2009 a bheadh le híoc tar éis d'éachtraí áirithe tarlú. I mí Iúil chuir daa an Coimisiún ar an eolas go raibh an t-éileamh ar sheasanna d'eitleáin níos airde ná 74 ar 16ú Meitheamh, agus dá bharr sin spreagadh íocaíocht i leith seasanna breise a thógáil (Naprún 5G). Tharla an eachtra ró-dhéanach le tionchar a bheith aige ar chaidhp praghais 2014 ach tá an caiteachas beartaithe san áireamh sa RAB tosaigh do 2015.

### Táillí ATI

Ní bhfuairamar aon iarratas ó chomhlachtaí bainistithe aerfort ábhartha chun táillí a cheadú i leith rochtana chuig suiteálacha aerfoirt, ar a dtugtar táillí ATI, chomh maith. Is iad seo na táillí a bhíonn le híoc ag láimhseálaithe ar talamh chun rochtain a fháil chuig an trealamh atá riachtanach chun seirbhísí láimhseála ar talamh a chur ar fáil ag na haerfoirt sin. Tá leibhéal na dtáillí a ceadaíodh roimhe seo ag Aerfoirt Bhaile Átha

Cliath, Chorcaigh agus na Sionainne tugtha i Tábla 3.2 (tugtha chun dáta i leith boilscithe mar is cuí).

**Tábla 3.2: Coimriú ar Tháillí Ceadaithe**

Cineál Táille Rochtana	Táille Cheadaithe ATI de 1 Eanáir, 2014
<b>Aerfort Bhaile Átha Cliath:</b> táille bhliantúil dheasc cláraithe Deasc cláraithe solúbtha i leith cíosa san uair	€25,859 an deasc sa bhliain €31 an deasc san uair (nó cuid d'uair)
<b>Aerfort Chorcai:</b> táille bhliantúil dheasc cláraithe Deasc cláraithe solúbtha i leith cíosa sa leathuair	€13,409 an deasc sa bhliain €5.36 an deasc sa leathuair (nó cuid de leathuair)
Táillí CUTE*	€0.24 an paisinéir ag dul amach
<b>Aerfort na Sionainne:</b> táille bhliantúil dheasc cláraithe Deasc cláraithe solúbtha i leith cíosa san uair	€9,345 an deasc sa bhliain €23 an deasc san uair (nó cuid d'uair)
Táillí CUTE*	€0.30 an paisinéir ag dul amach

\* *Trealamh Críochfoirt i gcomhúsáid*

### *Dualgais faoi Threoir na dTáillí Aerfoirt*

Is é an Coimisiún an t-údarás neamhspleách maoirseachta mar a bhaineann le treoir tháillí aerfoirt an AE. Ní bhaineann an treoir seo ach le hAerfort Bhaile Átha Cliath. In 2014, agus é sa ról sin, rinne an Coimisiún maoirseacht ar na comhairliúcháin riachtanacha idir daa agus na haerlínte maidir le táillí aerfoirt, líon paisinéirí tuartha agus pleananna infheistíochta caipitil.


### **Sliotáin**

Is é Aerfort Bhaile Átha Cliath fós an t-aon aerfort in Éirinn atá ainmnithe mar aerfort atá comhordaithe maidir le sliotáin. Ainmníodh mar sin é i Feabhra, 2007. Cheapamar Airport Coordination Limited (ACL) mar chomhordaitheoir sliotán; táid freagrach ó lá go lá as sliotáin a chomhordú.

Go déanach in 2013 tugadh isteach córas smachtbhannaí in Aerfort Bhaile Átha Cliath i leith mí-úsáide sliotán agus bhí a thionchar sin le feiceáil i dtosach in 2014. Is féidir fíneáil a ghearradh ar úsáideoirí anois a oibríonn gan sliotán a bheith acu. Is cosúil go bhfuil an córas smachtbhannaí i leith mí-úsáide sliotán in Aerfort Bhaile Átha Cliath ag oibriú go maith mar tá titim tagtha ar líon na n-oibreoirí gan sliotán ó 286 in 2013 go dtí 62 in 2014. Agus sin in ainneoin go raibh éileamh níos mó ar shliotáin in 2014. Tá 59 cás mí-úsáide fiosraithe ag ACL agus mar thoradh ar na fiosruithe eisíodh 18 litir rabhaidh. Tá roinnt cásanna fós ag leanúint ar aghaidh ach go dtí seo níl aon fhíneáil

gearrtha.

**Cairt 3.4: Laghdú i gCásanna de Mhí-úsáid Sliotán.**




Foinse: ACL

Tugann imthosca reatha le tuiscint go leanfaidh líon na bpaisinéirí ag dul i méid in Aerfort Bhaile Átha Cliath in 2015. Tá an t-éileamh ar shliotáin do shéasúr an tsamhraidh 2015 9% níos airde faoi láthair ná mar a bhí in 2014. Déanann Cairt 3.5 comparáid idir an éileamh ar shliotáin ar lá gnóthach in 2015 agus an t-éileamh réadach ar lá dá leithéid in 2013 agus 2014.



**Cairt 3.5: PAX Éileamh in aghaidh na huaire ar lá gnóthach in 2013, 2014 agus 2015.**



### Táillí Seirbhísí Chríochfoirt Eitlíochta (ATSC)

Rialaigh an Coimisiún leibhéal an ioncaim a d'fhéadfadh Údarás Eitlíochta na hÉireann (IAA) a bhailiú mar tháillí seirbhísí chríochfoirt eitlíochta (ATSC) a gearradh ar úsáideoirí in Aerfoirt Chorcaí, Bhaile Átha Cliath agus na Sionainne idir 2002 agus 2014. Ó 1ú Eanáir, 2015 tá Rialúchán Choimisiún an AE Uimh. 1191/2010 curtha in ionad na feidhme seo agus an IAA ainmnithe mar an tÚdarás Náisiúnta Eitlíochta.

Le linn 2014 thugamar deimhniú gur chloígh IAA le caidhp praghais 2013 i leith ATSC. D'fhoilsíomar tuairiscí ar chaighdeán na seirbhíse gach ráithe a thug le fios gur bhain IAA amach na spriocanna uile a cuireadh roimhe do 2014.

### Clár Oibre do 2015

Sprioc	Gníomhaíochtaí chun sprioc a bhaint amach
Maoirseacht a dhéanamh ar ghéilliúntas daa don chaidhp praghais agus oibriú rianúil an córas reatha sceidealaithe in Aerfort Bhaile Átha Cliath a chinntiú.	Ráiteas comhlíonta agus torthaí chaighdeáin seirbhíse do daa a fhoilsiú Freastail ar chruinnithe Choiste Comhordaithe Aerfort Bhaile Átha Cliath agus a bheith i dteagmháil le ACL
Athscrúdú a dhéanamh ar an gcur chuige atá ann faoi láthair chun cinntí a dhéanamh faoi tháillí aerfoirt i mBaile Átha Cliath.	Réimsí den chur chuige faoi láthair a roghnú a d'fhéadfadh tairbhe a bhaint as breis taighde agus/nó comhchomhairle.

## 4. Ceadúnú agus Faomhadh

Déanann an Coimisiún córais ceadúnaithe agus faofa in Éirinn a riaradh le haghaidh aeriompróirí, láimhseálaithe ar talamh agus comhlachtaí tráchtála taistil. Níor tháinig athrú ar iomlán na gcomhlachtaí in 2014 ach de bheagán mar a léirítear sa chairt thíos. Rinneadh maoirseacht ar shealbhóirí ceadúnas agus faomhadh i leith comhlíonta leis na córais reachtaíochta a riarann na hearnálacha seo i rith na bliana.

**Tábla 4.1: Líon na gCeadúnas agus Faomhadh, 2014**

	Aeriomp róirí	Láimhseálaithe ar Talamh		Gníomha irí Taistil	Tionscnóir í Turas
		Féin-Lái mhseáil	Tríú Páirtí		
Sealbhóirí Ceadúnas 1 Eanáir 2014	<b>14</b>	<b>11</b>	<b>37</b>	<b>223*</b>	<b>50*</b>
<i>Ceadúnais/Faomhadh nua</i>	1	1	5	15	2
<i>Ceadúnais bainte/tugtha ar ais</i>	0	0	1	12	6
Sealbhóirí Ceadúnas, 31 Nollaig 2014	<b>15</b>	<b>12</b>	<b>41</b>	<b>226</b>	<b>46</b>

\*Figiúirí míchearta de 221 agus 53 faoi seach a tugadh i dtuarascáil bhliantúil 2013.

### Ceadúnú Aeriompróirí

Ag deireadh 2014 bhí cead ón gCoimisiún ag 15 aeriompróir a bhfuil a mbunáit in Éirinn le bheith gafa le hoibríochtaí aeriompair. I rith na bliana tugadh ceadúnas oibriúcháin Catagóir A do Norwegian Air International Limited a rinne iarratas ar cheadúnas i dtosach in 2013. Níor cuireadh aon cheadúnas oibriúcháin ar fionraí, níor tarraingíodh siar aon cheadúnas agus níor tugadh ar ais aon cheann i rith na bliana. Tá liosta iomlán na sealbhóirí ceadúnas oibriúcháin ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin.

Rinneadh maoirseacht go rialta ar na sealbhóirí ceadúnas uile i rith na bliana le comhlíonadh a chinntiú leis an reachtaíocht ceadúnaithe ábhartha maidir le oiriúnacht airgeadais, clúdach árachais agus úinéireacht agus urlámhas. Leanamar ag déanamh maoirseachta dlúth ar sheasamh airgeadais na n-aeriompróirí, go háirithe iad sin a bhfuil seasamh airgeadais níos laige acu, trí shonraí airgeadais a bheith curtha ar fáil níos minice agus trí chruinnithe rialta.

Mar bhealach éasca inaitheanta lena chinntiú go bhfuil ceadúnas ag oibreoir eisíodh dioscanna ceadúnais d'oibreoirí aerárthaí beaga agus héileacaptar le cur ar taispeáint i ngach ceann dá n-aerárthaí cláraithe mar atá ar a dTeastais Aeroibreora atá eisithe ag Údarás Eitlíochta n hÉireann.

## Diosca Cheadúnas Aeriompróra



Le linn 2014 dhíol Air France-KLM Group CityJet Ltd. le scairshealbhóirí nua, INTRO Aviation GmbH. Ar chríochnú an idirbhirt dóibh, rinneadh aeriompróir réigiúnach neamhspleách de CityJet a bhí ag tosú amach gan fiacha. I mí na Nollag chríochnaigh CityJet clár athmhaoinithe ar mhaithe lena straitéis athchóirithe agus forbartha a mhaoiniú. Bhain díol agus aiséasú seacht aerárthach Avro RJ85 le Falko Regional Aircraft Ltd., príomhléasóir an chomhlachta, leis seo.

Fuaireamar iarratas amháin in 2014 ó shealbhóir ceadúnais reatha le cead a fháil léasú feistithe a dhéanamh ar aerárthaí atá cláraithe lasmuigh den Aontas Eorpach. Tugadh an cead in Eanáir, 2015 agus baineann sé le riachtanas acmhainne ag buaic-phointe shéasúr an tsamhraidh, 2015.

Tá ceadúnais faoi réir athbhreithnithe dhá bhliain tar éis iad a eisiúint i dtosach. Tharla athbhreithniú amháin dá leithéid in 2014. Níor cuireadh aon athrú ar an gceadúnas a bhí i gceist.

In 2014 scrúdaíomar cúig aighneacht ó aeriompróirí Éireannacha a rinneadh faoi Alt 8 (5) de na Rialúcháin Ceadaithe a éilíonn go gcuirfí an Coimisiún ar an eolas roimhré i dtaobh aon athruithe substaintiúla i scála a gcuid gníomhaíochtaí<sup>2</sup>, roimh aon chumasc/éadail a bheadh beartaithe nó nuair atá athrú úinéara i gceist. Sa bhreis ar chuntas mionsonrach an aeriompróra ar na hathruithe go díreach, tá sé de chead ag an gCoimisiún plean gnó leasaithe a éileamh má mheastar go bhféadfadh na hathruithe atá beartaithe tionchar suntasach a imirt ar chúrsaí airgeadais an aeriompróra. Má bhaineann athruithe le haerárthaí nua a chur ag obair tá sé de dhualgas ar an gCoimisiún sonraí árachais a scrúdú lena chinntiú go sásaíonn siad na riachtanais ábhartha agus sonraí faoin mbealach a fuarthas na haerárthaí (mar sh. ceannach/léas) agus na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann leis an gconradh. I ngach cás bhí an Coimisiún sásta leis an eolas a bhí curtha ar fáil agus chinn an

<sup>2</sup>Bheadh san áireamh in athruithe ábhartha aersheirbhís nua a fheidmiú chuig críoch nó réigiún domhanda nach raibh freastal chuige roimhe, athruithe ar an líon nó cineál aerárthach arna bhfeidmiú nó aon athrú eile ar scála a ngníomhaíochtaí.

Coimisiún go raibh riachtanais na Rialúchán Ceadaithe fós á gcomhlíonadh. Tugann Tábla 4.2 thíos achoimre ar líon na n-aighneachtaí a rinne an Coimisiún machnamh orthu faoin Alt seo de réir chineál fógra.

**Tábla 4.2: Aighneachtaí Alt 8 (5) 2014**


Cineál Fógra Alt 8 (5)	Líon Aighneachtaí
Athrú ar líon/cineál aerárthaí	3
Athrú Úinéireachta	1
Athrú ar scála gníomhaíochtaí/plean gnó	1

Chun cabhrú le lucht taistil agus leis an tionscal d'fhoilsigh an Coimisiún liosta na gceisteanna is coitianta a chuirtear maidir le ceadúnú aeriompróirí ar a shuíomh gréasáin<sup>3</sup>.

### Faomhadh Láimhseálaithe ar Talamh

Ag deireadh 2014 bhí 12 féin-láimhseálaí faofa ann (sé sin, nuair a shocraigh aerlíonta seirbhísí láimhseálaithe ar talamh a chur ar fáil iad féin) agus 41 soláthróir faofa seirbhísí láimhseálaithe ar talamh nó láimhseálaithe tríú páirtí (sé sin soláthróirí a chuireann seirbhísí láimhseálaithe ar talamh ar fáil, bíodh sé ina aerlíne nó ina chomhlacht tiomnaithe láimhseálaithe ar talamh). As na féin-láimhseálaithe faofa tá 4 cinn faofa leis le seirbhísí láimhseálaithe ar talamh a chur ar fáil do thríú páirtithe. Tá liosta iomlán cothrom le dáta díobh sin atá faofa ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin. Cuireann Cairt 4.1 anailís ar fáil ar líon na féin-láimhseálaithe faofa agus na soláthróirí seirbhísí láimhseálaithe ar talamh de réir an aerfoirt.

**Cairt 4.1: Láimhseálaithe Faofa de réir Cineáil agus Aerfoirt 2014**



<sup>3</sup>Féach: <http://www.aviationreg.ie/airline-licensing-the-commissions-role/faqs.607.html>

Le linn 2014 cheadaigh an Coimisiún faomhadh amháin féin-láimhseálaithe do AirExplore s.r.o. agus cúig fhaomhadh nua láimhseálaithe tríú páirtí do na comhlachtaí seo leanas:

- QAFBO Services Limited (Aerfort na Sionainne)
- BCT Aviation Maintenance Limited (Aerfort Bhaile Átha Cliath)
- EVS Aviation Limited (Aerfort Chorcaí)
- Boeing Ireland Limited (Aerfort Bhaile Átha Cliath)
- Alpha Flight Ireland Limited (Aerfort Chorcaí)

Síneadh ar ais faomhadh láimhseálaithe tríú páirtí amháin go deonach in Aibreán 2014 tar éis don chomhlacht a bhí i gceist éirí as gnó in Aerfort Bhaile Átha Cliath. Ach, ceadaíodh faomhadh nua láimhseálaithe tríú páirtí don chomhlacht i nDeireadh Fómhair tar éis iarratas nua a bheith curtha faoi bhráid an Choimisiúin le haghaidh oibríochtaí in Aerfort Chorcaí amháin.

Ceadaítear faomhadh do thréimhse cúig bliana. Rinne an Coimisiún athnuachan ar cheithre fhaomhadh in 2014 tar éis don phróiseas athnuachana a bheith críochnaithe go rathúil.

Tar éis do Swissport International Limited Servisair a thógáil ar láimh i mí na Nollag 2013 leasaíodh gach faomhadh láimhseálaithe ar talamh a bhí ag Servisair (Ireland) Ltd. agus ag Derichebourg Multiservices Ltd. in 2014 chun freagairt do na hathruithe ar na hainmneacha dleathacha a bhí ar na comhlachtaí sin. Rinneadh Swissport (Ireland) de Servisair (Ireland) agus Flightcare Multiservices Ireland Ltd. de Derichebourg Multiservices Ltd.

Ar mhaithe le caidreamh a fheabhsú agus chun tuiscint níos fearr a thabhairt ar ghnáthriachtanais comhlíonta, chuir an Coimisiún tús le cuairteanna neamhfhoirmiúla a thabhairt ar shealbhóirí reatha fhaomhadh láimhseálaithe ar talamh. Le linn 2014 tugadh cuairt ar 13 comhlacht san iomlán. Ina theannta sin thug an Coimisiún cuairt ar Aerfort Bhaile Átha Cliath, Chorcaí agus na Sionainne chun bualadh leis na daoine ábhartha atá freagrach as oibríochtaí láimhseálaithe ar talamh a bhainistiú agus chun aon cheist a tugadh aníos a phlé. D'fhoilsigh an Coimisiún liosta, chomh maith, de na ceisteanna is coitianta a chuirtear faoi riachtanais láimhseálaithe ar talamh agus faoin gcóras iarratais, ar a shuíomh gréasáin<sup>4</sup>.

Ag leibhéal an AE chinn Coimisiún na hEorpa gan leanúint lena bpleananna togra reachtach a thabhairt isteach i leith Rialála faoi Láimhseáil ar Talamh. Dá bharr sin fanfaidh Treoir Comhairle 96/67/AE, a rialaíonn margadh an láimhseálaithe ar talamh faoi láthair, i bhfeidhm go ceann i bhfad.

<sup>4</sup> Féach: <http://www.aviationreg.ie/groundhandling-the-commissions-role/faqs.608.html>

## Ceadúnú Comhlachtaí Taistil

In 2014 d'eisigh an Coimisiún ceadúnais do 272 comhlacht taistil. Cé go bhfuil líon na gcomhlachtaí 24% níos ísle ná mar a bhí in 2008 tá cúrsaí cobhsaithe le cúpla bliain anuas. An treocht in 2014 ná go raibh méadú beag ar líon na ngníomhairí taistil mar aon le titim bheag ar líon na dtionscnóirí turas. Tá an treocht ó 2001 le feiceáil ar Chairt 4.2.

**Cairt 4.2: Líon na nGníomhairí Taistil agus Tionscnóirí Turas Cobhsaithe.**



Eisíonn foireann an Mhargaidh Taistil ceadúnais do thionscnóirí turas agus do ghníomhairí taistil. Ní mór do chomhlachtaí ceadaithe banna a chur ar fáil don Choimisiún, ar féidir a tharraingt anuas sa chás go stopann sealbhóir ceadúnais ag trádáil, agus go bhfágfar custaiméirí sáinnithe thar lear nó conarthaí gan chomhlíonadh roimh dháta dlíthe an turais. Baineann an Coimisiún úsáid as an mbanna chun íoc as daoine a thabhairt abhaile agus chun aisíocaíochtaí a dhéanamh. Tá bannaí socraithe ag 4% den láimhdeachas réamh-mheasta incheadaithe do ghníomhairí taistil agus 10% do thionscnóirí turas.

**Tábla 4.3: Láimhdeachas Réamh-mheasta Incheadaithe agus Bannaí an Tionscail Taistil**

Aonán Ceadúnaithe	2014 (€m)		2013 (€m)	
	Banna	PLTO	Banna	PLTO
Tionscnóir Turas (Ráta bannaí 10%)	17	167	18	184
Gníomhaire Taistil (Ráta bannaí 4%)	39	982	37	927
<b>Iomlán</b>	<b>56</b>	<b>1149</b>	<b>55</b>	<b>1111</b>



Ní chlúdaíonn na luachanna atá léirithe thuas láimhdeachas nach bhfuil ceadaithe, mar sh. cóiríocht amháin. Mhéadaigh láimhdeachas réamh-mheasta incheadaithe de 6% do ghníomhairí taistil in 2014 i gcomparáid le 2013.

Níl áirithintí a dhéantar le haonán neamhcheadaithe clúdaithe ag scéim na mbannaí atá á oibriú ag an gCoimisiún.

### *Acht na nAerfort Stáit (Grúpa Sionainne) 2014*

Rinneadh an reachtaíocht a rialaíonn ceadúnú an Tionscal Taistil in Éirinn a leasú ag Acht na nAerfort Stáit (Grúpa Sionainne) 2014 a síníodh sa dlí i Lúnasa 2014.

Ag éirí as an leasú sin ní gá do mhiondíoltóirí agus eagraithe atá bunaithe i mballstát eile den AE ceadúnas a fháil ón gCoimisiún chun seirbhísí ghníomhaireacht taistil nó thionscnóirí turais a chur ar fáil in Éirinn ach coinníollacha áirithe a shásamh.

Féadfaidh aonáin dá leithéid a bheith díolmhaithe ón ngá ceadúnas a bheith acu má bhíonn fianaise urrúis acu i leith na bpacáistí atá á dtairiscint le díol acu nó atá díolta acu agus go bhfuil an Coimisiún curtha ar an eolas acu go bhfuil sé i gceist acu dul i mbun trádála in Éirinn. Ní mór go mbeadh an t-urrús sách mór chun íoc as custaiméirí a aidsúichiú agus as aisíocaíochtaí.

Ní mór d'aonán ar mhian leis pacáistí a thairiscint in Éirinn gan ceadúnas in Éirinn a bheith aige an Coimisiún a chur ar an eolas go bhfuil sé i gceist aige é sin a dhéanamh agus an t-eolas seo leanas a thabhairt i mBéarla:

- Ainm, seoladh agus sonraí teagmhála an tsoláthróra slánaíochta
- An t-ainm iomlán dlíthiúil, stíl trádála agus seoladh an tsealbhóra slánaíochta
- Luach na n-urrús (in Euro)
- Ráiteas a deir i gcás chliseadh airgeadais go bhfuil an soláthróir slánaíochta sásta gach ceanglas a chlúdach, lena n-áirítear aidsúichiú nó aisíocaíocht do phaisinéirí agus go bhfuil ról an Choimisiúin teoranta don soláthróir slánaíochta a chur ar an eolas faoi chliseadh an aonáin.

Go dtí seo níl sé curtha in iúl ag aon chomhlacht go bhfuil rún aige dul ag trádáil faoi na forálacha a tugadh isteach faoi Acht na nAerfort Stáit (Grúpa Sionainne) 2014.

### *Maoirseacht ar Chomhlíonadh*

In 2014 chuir an Coimisiún tús nó lean sé le fiosrúcháin faoi 14 clamhsán a fuarthas maidir le trádáil féideartha neamhcheadúnaithe. Bhain cuid mhaith de na clamhsáin le comhlachtaí a bhí ag iarraidh oibriú faoi cheadúnas aonáin eile cheadúnaithe, trádáil nach bhfuil ceadaithe faoi reachtaíocht na hÉireann.

As na 14 clamhsán a fiosraíodh tá ocht gcinn réitithe chun sásamh iomlán an

Choimisiúin. Tá dhá cheann sa phróiseas réitithe agus tá dhá cheann á bhfiosrú. Ní bhfuarthas aon fhianaise de thrádáil neamhcheadúnaithe sna fiosrúcháin eile.

Chun maoirseacht a dhéanamh go bhfuil coinníollacha ceadúnais á gcomhlíonadh tugaimid cuairt gach bliain ar áitreabh gnó líon samplach de shealbhóirí ceadúnas. Tugadh cuairt ar 27 sealbhóir ceadúnas in 2014. Sa bhreis ar chomhlíonadh a sheiceáil, tugann na cuairteanna seo deis don gCoimisiún tuiscint níos fearr a fháil ar na heagraíochtaí atá ceadúnaithe mar aon le deis neamhfhoirmiúil a thabhairt le heolas a mhalartú.

#### Clár Oibre do 2014

Sprioc	Bearta chun sprioc a bhaint amach
Leanúint ag riaradh an chórais ceadúnaithe agus faomhadh le haghaidh aeriompróirí, láimhseálaithe ar talamh agus comhlachta sa tionscal taistil.	Iarratais a phróiseáil go tráthúil Déan faireachán ar ghéilliúntas sealbhóirí ceadúnas & athbhreithniú a dhéanamh ar cheadúnais mar is gá Gach éileamh ar aisdúichiú nó aisíocaíocht a phróiseáil Tuairiscí faoi thrádáil neamhcheadúnaithe taistil a fhiosrú
Comhthuiscint faoin gcóras ceadúnaithe a chur chun cinn i measc an tionscail agus an phobail	Dioscaí ceadúnais do 2016 a eisiúint d'oibreoirí héileacaptar agus aerárthaí beaga Cuairt a thabhairt ar aerfoirt, ar láimhseálaithe ar talamh agus ar chomhlachtaí taistil chun feasacht a fheabhsú agus chun géilliúntas a sheiceáil

## 5. Cearta Aerphaisinéirí

In 2014 fuair an Coimisiún 4,209 fiosrúchán san iomlán ón bpobal. B'ionann sin agus laghdú de bheagán ar an 4,304 fiosrúchán a fuarthas in 2013.

Bhain 72% de na fiosrúcháin le nithe a thit lasmuigh de shainchúram an Choimisiúin mar sh. clamhsáin faoi bhagáistí, saincheisteanna sábháilteachta, fiosrúcháin faoi phraghsanna srl. Sna cásanna seo d'éisteamar leis an duine a bhí ag fiosrú agus nuair ba chúil d'atreoraíomar é chuig an bhforas nó an t-údarás inniúil le déileáil leis an gclamhsán a bhí aige.

Bhain 1153 fiosrúchán le sárú féideartha ar Rialúchán 261/2004 agus caitheadh leo mar chlamhsáin. Bhain 17 eile le Rialúchán 1107/2006 a bhaineann le cearta daoine faoi mhíchumas agus daoine faoi mhíchumas soghluaisteachta agus iad i mbun aerthaisteal.

### Cealuithe, Moilleanna, Diúltú Bordála agus Íosghráduithe

De na 1153 clamhsán a fuarthas faoi Rialúchán 261 in 2014 bhain beagán níos mó ná a leath le moilleanna ar eitiltí.

Bhí 2014 suntasach i gcomhthéacs moilleanna mar i mí Dheireadh Fómhair rialaigh Cúirt Achomhairc sa Ríocht Aontaithe i gcás Huzar vs Jet2. Cé gur mheas go leor paisinéirí go mbainfeadh an rialú seo le hÉirinn tá an tionchar atá aige teoranta faoi láthair don Ríocht Aontaithe. Ní chuirfeadh an rialú ceangal ar na tíortha eile san Eoraip go dtí go ndéanfaí achomharc chuig an CJEU agus go mbeadh sé formhuinithe acu.

De na 1153 clamhsán a fuarthas bhain 37% díobh (426) le heitiltí a bhí ag imeacht as aerfoirt i mballstáit eile nó le heitiltí ag dul isteach go haerfoirt dá leithéid ó thríú (sé sin lasmuigh den AE) tíortha a bhí á n-oibriú ag iompróirí a bhí ceadúnaithe ag Pobail. Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le paisinéirí lena chinntiú go raibh an t-eolas ar fad a bhí riachtanach chun fiosrúchán a dhéanamh curtha ar fáil sular cuireadh na clamhsáin sin ar aghaidh chuig na forais náisiúnta fhorfheidhmithe ábhartha (NEBanna) nó gur cuireadh ar chumas na bpaisinéirí é a dhéanamh go díreach iad féin<sup>5</sup>.

Tháinig an 727 clamhsán eile laistigh de raon na reachtaíochta agus sainchúram an Choimisiúin araon agus mar sin rinne an Coimisiún fiosrúchán iomlán ina dtaobh.

As na clamhsáin tá 544 críochnaithe, tá 108 á bhfiosrú fós agus tá 75 ag fanacht ar

<sup>5</sup> Tá go leor NEBanna ag úsáid foirmeacha clamhsáin ar líne anois agus tá roinnt acu níos éasca don phaisinéir a chomhlánú go díreach.

bhearta. Tá miondealú ar thorthaí 544 cás atá críochnaithe tugtha i dTábla 5.1 Maidir le 151 cás cinneadh go raibh an cás neamh-iniompartha faoin Rialúchán, tarraingthe siar ag an bpaisinéir nó bainteach le sárú nach raibh aon sásamh ar fáil don phaisinéir ina leith. Maidir le 186 cás cinneadh gur bhain imthosca urghnácha leo agus go raibh céimeanna seachanta réasúnacha tógtha ag an aerlínte.


I 168 gcás íocadh cúiteamh leis an bpaisinéir agus i 39 gcás fuair an custaiméir aisíocaíocht ar chostas an ticéid agus/nó aisíocadh a gcuid costas leo.

**Tábla 5.1: Clamhsáin Aerphaisinéirí de réir Cineáil agus Forais Fiosrúcháin**

Cineál Clamhsáin	Le fiosrú ag an gCoimisiún	Le fiosrú ag NEB eile	Iomlán	
Cealú	185	110	295	26%
Moill Fhada	347	242	589	51%
Bordáil Diúltaithe	41	36	77	7%
Íosghrádú	1	0	1	0%
Eile	153	38	191	17%
<b>Iomlán</b>	<b>727</b>	<b>426</b>	<b>1153</b>	<b>100%</b>

Fuair an Coimisiún €168,360 le haghaidh paisinéirí a bhí siar le cuir isteach ar eitiltí in 2014: €158,205 mar chúiteamh agus €10,155 in aisíocaíochtaí.

**Cairt 5.1: Torthaí Chlamhsáin Aerphaisinéirí in 2014**



### Daoine lena mbaineann Soghluaisteacht Teoranta

Le linn 2014 fuair an Coimisiún 17 aighneacht i leith chearta daoine lena mbaineann

soghluaisteacht teoranta. Bhain 9 gcinn díobh le saincheisteanna nár sáruiithe féideartha iad de Rialúchán 1107. Ba chlamhsáin bhailí iad na 8 gcinn eile a raibh gá lena bhfiosrú. Bhí saincheisteanna éagsúla i gceist lena n-áirítear:

- Aeriompróir ag diúltú glacadh le háirithintí
- An cúnamh a cuireadh ar fáil ag an aerfort imeachta, ar an mbealach nó teachta.
- Suíocháin cairr á n-úsáid chun páistí a raibh fadhbanna soghluaisteachta acu a iompar.

Bhain trí chlamhsán díobh leis na NEBanna i dtíortha eile agus tháinig na cúig cinn eile faoi shainchúram an Choimisiúin agus rinneadh iad a fhiosrú. Tá na fiosrúcháin uile críochnaithe ach ceann. Baineann an ceann gan réiteach le heolas atá tugtha ar shuíomh gréasáin Norwegian Air Shuttle ASA faoi thaisteal le tionlacan mhadraí aitheanta cuidithe.

## Obair Eile

Sa bhreis ar chlamhsáin a láimhseáil chríochnaigh an Coimisiún 8 gcigireacht ar aerfoirt le linn 2014. Na húdair a bhí leis na cigireachtaí ná:

- Maoirseacht a dhéanamh ar an gcaoi a sholáthair comhlachtaí bainistíochta aerfort cúnamh do dhaoine faoi mhíchumas soghluaisteachta de réir Rialúcháin 1107/2006.
- lena chinntiú go raibh an téacs atá leagtha síos ag Rialúchán 261/2004 á thaispeáint ag aeriompróirí ag a gcuid deasc cláraithe agus a gcuid bothanna agus chomh maith go raibh siad ag tabhairt an eolais chruinn i leith moilleanna fada nó cealuithe ar eitiltí, nó cásanna ina rabhadar ag diúltú chead bordála do phaisinéirí.

In 2014 rinne an Coimisiún breathnóireacht ar an traenáil a bhí curtha ar fáil don fhoireann a bhí freagrach as cúnamh a chur ar fáil ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. Chuamar i dteagmháil le haeriompróirí na hÉireann ar mhaithe le breathnóireacht a dhéanamh ar an traenáil a bheidh curtha ar fáil dá bhfoirne in 2015.

Choinníomar i dteagmháil le Aer Lingus i dtaobh an phróiseas láimhseála clamhsán atá acu agus tá feabhsúcháin shuntasacha tugtha faoi deara.

In 2014 tháinig deireadh le mórán clamhsán i gcoinne aeriompróir na Tuirce, Onur Air, a bhí á fhiosrú ó lár 2013. Cé gur socraíodh go n-íocfaí cúiteamh leis na paisinéirí uile a bhí i gceist i nDeireadh Fómhair, 2013, thóg sé 10 mí agus thart ar 350 teachtaireacht eile sular chríochnaigh Onur Air na híocaíochtaí.

Ba dhíol suntais in 2014 stailc na rialtóirí aerthrachta na Fraince a d'fhág gur cuireadh isteach go forleathan ar eitiltí ar fuaid na hEorpa ag deireadh an Mheithimh. Fuair roinnt aeriompróirí, mar sh. Ryanair, an oiread sin clamhsán gur iarradar síneadh leis

an am a bhí leagtha síos sa Chomhaontú NEB-NEB<sup>6</sup> chun freagraí a thabhairt ar chlamhsáin. Cinneadh go raibh sé réasúnach sínte gearr-théarmacha a cheadú sna cúinsí sin fad is nár cuireadh isteach go leatromach ar phaisinéirí.

Lean an obair ar athmhúnlú Rialúcháin 261 sa chéad chuid de 2014. Ach, níorbh fhéidir teacht ar réiteach faoi roinnt bunfhorálacha agus is beag dul chun cinn a rinneadh sa dara leath den bhliain. Le linn an ama sin rinne an CJEU rialuithe suntasacha (m.sh. an rialú i gcásanna Henning agus Siewert) agus is dóigh go mbeidh gá le breis leasaithe ar an athmhúnlú chun na rialuithe sin a chlúdach.

Le linn 2014 d'óstáil an Coimisiún seastán eolais ag an Aonach Saoire Domhanda bliantúil i mBaile Átha Cliath ar mhaithe le feasacht a ardú i measc an phobail i leith chearta paisinéirí.

I mí na Nollag sheolamar feachtas eolais le cur i gcuimhne do na Tionscnóirí Turas agus na Gníomhairí Taistil atá ceadúnaithe ag an gCoimisiún faoin a gcuid dualgas faoi Rialúchán 1107.

Le linn 2014 ghlac an Coimisiún páirt i gcomhchruinniú de Choimisiún na hEorpa agus NEBanna faoi Rialúchán 261 agus d'fhreastail sé ar cheardlann, chomh maith, faoi Rialúchán 1107. Ina theannta sin in 2014 ghlac dhá ionadaí den Choimisiún páirt i gClár Malartaithe Oifigeach a bhí óstáilte agus maoinithe ag CHAFEA (An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin um Thomhaltóirí, Sláinte agus Bia). Chuir na malartuithe ar chumas na foirne a fheiceáil mar a dhéantar clamhsáin a láimhseáil agus rialúcháin a chur i bhfeidhm i mBallstáit eile agus leis an gcleachtas in Éirinn a roinnt leo ina leith. Bhí na malartuithe an-luachmhar ó thaobh taithí de agus fáilteoidh an Coimisiún roimh an deis páirt a ghlacadh i gcláir den chineál sin amach anseo.

## Clár Oibre do 2015

Sprioc	Bearta chun sprioc a bhaint amach
Géilliúntas le dlí na hEorpa i leith cearta paisinéirí a chinntiú	Clamhsáin a thagann isteach a fhiosrú Cigireacht a dhéanamh ar Aerfoirt Maoirseacht a dhéanamh ar an eolas a chuireann aeriompróirí ar fáil ar a gcuid suíomh gréasáin
Leanúint ag cur le tuiscint an phobail faoi shaincheisteanna chearta paisinéirí	Eolas a chur ar fáil ag ócáidí feiliúnacha tionsclaíochta agus trí fheachtais sna meáin.

<sup>6</sup> Sonraítear sa Chomhaontú NEB-NEB, arna shocrú ag an AE, maidir le cur i bhfeidhm Rialachán 261/2004, go bhfuil tréimhse 6 seachtaine ag aeriompróirí freagra a thabhairt ar chomhfhreagras tosaigh ó chomhlachtaí forfheidhmithe mar shampla an Oifig seo.



## 6. Feidhmeanna Riaracháin agus Dlí

### Acmhainní Daonna

D'fhostaigh an Coimisiún meánlón coibhéiseach de 15 fostaí lánaimseartha in 2014. Tá an líon seo faoi bhun a Chreat Rialaithe Fostaíochta Laghdaithe (ECF) de 17. I rith na bliana d'fhág 3 a gcuid post agus tháinig duine nua amháin isteach ar an bhfoireann.

Íoctar rátaí le baill foirne atá ar chomhchéim go díreach le poist sa Státseirbhís agus tá na rátaí seo uile faofa ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

B'ionann tuarastal, móide ÁSPC fostóra agus costais pinsin don duine amháin ar an gCoimisiún agus €77,168 don tréimhse go dtí 31ú Bealtaine, 2014, nuair a tháinig deireadh lena théarma in oifig. Níor cuireadh aon sochar eile ar fáil. Tá folúntas ann faoi láthair sa Choimisiún.

### Scéimeanna Aoisliúntais

Bhí sé d'iallach ar bhaill foirne lánaimseartha uile dul isteach i scéim pinsin an Choimisiúin. Bunaíodh an scéim faoin Acht Rialála Eitlíochta, 2001. Ní mór d'fhostaithe nua dul isteach in Aonscéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí ach amháin sa chás go mbíonn cead acu dul isteach i scéim an Choimisiúin. Tá na scéimeanna i mbun a bheith faofa go foirmiúil ag an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt le cead an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Léirigh athbhreithniú achtúireach ar dhliteanais pinsin i Meán Fómhair, 2014, mar gheall go raibh an teacht isteach ó ús ar thaiscí bainc níos ísle ná mar a bhí súil leis, go raibh breis maoinithe ag teastáil ar mhaithe leis an mbarrachas ag sócmhainní in aghaidh dliteanais a chaomhnú. Ceapann an Coimisiún go mbeidh €84k le híoc isteach aige sa scéim pinsin in 2015.

### Seachfhoinsiú

Mar a tharla i mblianta eile lean an Coimisiún ag seachfhoinsiú feidhmeanna riaracháin neamhlárnacha a bhain le hiniúchadh inmheánach, athshlánú i ndiaidh tubaiste, caidreamh leis na meáin, agus riaracháin TF agus párolla.

### Dualgais Riaracháin

Féachann an Coimisiún le cloígh leis an gCód Cleachtais um Rialúchán Comhlachtaí Stáit. Mar gheall ar réimse ár gcuid gníomhaíochtaí agus an líon beag foirne atá againn tá gnéithe áirithe den Chód nach mbaineann linn.

Dhóigh an Coimisiún 35,660 cileavatuair (kWhs) fuinnimh in 2014 i gcomparáid le

36,800 kWhs a úsáideadh in 2013.

### **Trédhearcacht agus Saoráil Faisnéise**

Déanann an Coimisiún a chuid feidhmeanna ar bhealach atá chomh trédhearcach agus is féidir. Foilsítear páipéir comhairliúcháin, Fógraí, doiciméid tacaíochta, freagraí ó pháirtithe leasmhara agus cinntí rialála ar an suíomh gréasáin dár gcuid, [www.aviationreg.ie](http://www.aviationreg.ie). Tá liosta de na doiciméid a d'fhoilsigh an Coimisiún san áireamh san Aguisín atá leis an Tuarascáil Bhliantúil seo. Ó Márta 2012 i leith foilsíonn an Coimisiún mionsonraí faoina chuid orduithe ceannaigh le haghaidh suimeanna atá níos mó ná €20,000.

Ní bhfuair an Coimisiún aon iarratas faoi Shaoráil Faisnéise in 2014.

### **Dlíthíocht**

Lean imeachtaí dlí a thóg an Coimisiún ar aghaidh ar mhaithe le híocaíocht ar bhanna a fhorfheidhmiú. Leanamar orainn ag cosaint na hoifige i gcás a thóg gníomhaire taistil agus é ag lorg suim airgid atá líomhnaithe a bheith dlite tar éis dó áirithintí custaiméirí eile ar chlis a gcomhlacht taistil orthu, a thógáil ar láimh.

I mí na Nollag 2014 chuir daa tús le himeachtaí athbhreithnithe breithiúnaigh i leith an Chinnidh faoi tháillí aerfoirt. Scoireadh de na himeachtaí sin in Eanáir, 2015.

### **Coiste Iniúchta**

Tháinig an Coiste Iniúchta le chéile 4 uair le linn 2014. Ag gach cruinniú thug an Coimisinéir nó an leas-Choimisinéir an Coiste cothrom le dáta i dtaobh gníomhaíochtaí an Choimisiúin, an obair idir lámha agus príomh-bhuncheistean. D'fhreastail baill foirne ar na cruinnithe ó am go ham mar a bhí gá leis agus mar ba chúil. D'fhreastail na hiniúcháirí inmheánacha neamhspleácha ar chruinnithe ar bhonn rialta chun an Coiste a thabhairt cothrom le dáta faoin bplean iniúchta agus tuairiscí iniúchta bainteacha. In 2014, dhírigh an Coiste Iniúchta ar phríomhréimsí seo leanas:

- Slándáil Faisnéise
- Rialú TF
- Soláthar

**Tábla 6.1: Achoimre ar Rialacha Corparáideacha**

Cód Cleachtais an Choimisiúin	Tá Cód Cleachtais ann d'fhostaithe an Choimisiúin.
Iníúchadh Inmheánach	Tá comhlacht iniúcháirí (D'Arcy Lynch) ceaptha ag CAR chun an fheidhm iniúchta atá aige a dhéanamh. Oibríonn an t-iniúcháir inmheánach faoi threoir Choiste Iniúchta Seachtrach. In 2014 réitigh sé 3 thuairisc i leith na réimsí leasa atá luaite thuas.
Soláthar	Cloíonn nósanna imeachta soláthair CAR le treoirlínte náisiúnta agus nuair a bhaineann, le treoirlínte agus le teoracha an AE. Fágann luach an chuid is mó de na conarthaí go dtagann siad faoi treoirlínte náisiúnta. Tá plean soláthair ag CAR a leagann amach na réimsí ina mbíonn súil aige go mbeidh tairiscintí iarrtha le haghaidh seirbhísí.
Diúscairt Sócmhainní agus acmhainn chuig sócmhainní ag tríú páirtithe	Níl aon sócmhainní ag CAR atá den scála ná den luach atá i gceist sna treoirlínte (€150,000).
Éagsúlú	Níor chuir CAR aon mholtaí éagsúlaithe faoi bhráid an Aire in 2014.
Breithmheas ar Infheistíocht	Níor thabhaigh CAR aon chaiteachas caipitil in 2014 a thagann faoi scóip na ngníomhaíochtaí a bhí i gceist i Treoirlínte 2005 na Roinne i leith Breithmheas agus Bainistiú a dhéanamh ar mholtaí Chaiteachas Caipitil san Earnáil Phoiblí. Thug sé cuntas roimhe seo ar chaiteachas ICT don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe - ach toisc nach cuid de vóta na Roinne a leithéid de chaiteachas, níl aon cheanglas ann feasta caiteachas dá leithéid a thuairisciú go foirmiúil.
Luach Saothair le haghaidh Bainisteoirí Sinsearacha agus táillí stiúrthóirí	Tugann cuid Acmhainní Daonna an chaibidil seo eolas ina leith seo. Níl aon stiúrthóirí ann agus níl táillí i gceist.
Socrúithe Tuairiscithe	Réitíonn CAR tuairiscí don Aire Iompair mar is gá. Tá córas lánfhorbartha cuntasáíochta ag CAR a chuireann tuairiscí mionsonracha míosúla bainistíochta agus airgeadais ar fáil don bhainistíocht shinsearach. Cloíonn CAR le Caighdeáin Tuairiscithe Idirnáisiúnta ina chuid tuairiscithe. Ríomhann sé a chuid cuntas

	<p>ar an gcóras cuntasáochta fabhráithe seachas mar a luaitear i nótaí na ráiteas airgeadais. Déanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúchadh ar na ráitis sin.</p> <p>Tá céimeanna tógtha ag CAR chun cloígh leis an gceangal atá air leabhair chúig cuntas a choinneáil. Tá siad coinnithe san oifig amháin atá aige.</p>
Pleanáil Straitéiseach agus Chorporáideach	<p>Tá feidhmeanna agus freagrachtaí CAR leagtha síos san Acht Eitlíochta 2001, in Acht na nAerfort Stáit 2004, san Acht Eitlíochta 2006 agus in Acht na nAerfort Stáit (Grúpa Sionainne) 2014 mar aon le hIonstraimí Reachtúla éagsúla.</p> <p>Tuairiscíonn CAR go bliantúil chuig an Aire Iompair faoin gcaoi inar chomhlíon sé na feidhmeanna sin sa bhliain roimhe sin.</p> <p>Níl plean straitéiseach cúig bliana réitithe ag CAR. Aontaíodh an cinneadh sin leis an Roinn Iompair i ndiaidh fhógra an Rialtais de Dheireadh Fómhair 2009 go ndéanfaí CAR a chumasc leis an Údarás Náisiúnta Iompair. Níos faide anonn d'fhógair an Rialtas ina Phlean Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí de Shamhain 2011 go ndéanfaí cuid den IAA a chumasc le CAR.</p>
Comhlíonadh maidir le Cáin	<p>Tá CAR faoi dhliteanas ÍMAT, CBL agus CSG a íoc. Tá na tuairisceáin ábhartha cánach curtha isteach ag CAR agus tá sé sásta go bhfuil sé go hiomlán ag cloígh leis an dlí maidir le cáin.</p>
SIFC	<p>Tá sé deimhnithe ag an gCoimisiún sna ráitis airgeadais do 2014 gur reáchtáladh athbhreithniú an bhliain sin ar éifeachtúlacht an ráitis faoi Rialú Inmheánach Airgeadais (SIFC). Chuimsigh an SIFC foireann chuimsitheach polasaithe agus nósanna imeachta a bhain le rialú airgeadais. Ar mhaithe le cuntasacht an Oireachtais is é an Coimisinéir an tOifigeach Cuntasach.</p>
Polasaí Taistil	<p>Cloíonn CAR le riachtanais pholasaí taistil an Rialtais.</p>
Nochtadh Leasanna	<p>Ní mór don Choimisinéir, foireann CAR agus na sainchomhairleoirí agus comhairleoirí uile cloígh leis na riachtanais ábhartha nochtaithe atá ag éirí as Alt 18 den Acht Eitice in Oifigí Poiblí 1995 agus Ailt 17 - 18 den Acht Rialála Eitlíochta 2001.</p> <p>Tá an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí freagrach as comórtais oscailte a eagrú chun Baill an Choimisiúin a cheapadh. Faoi láthair, tá Coimisinéir gníomhach ag feidhmiú.</p>
Bainistiú Riosca	<p>Coinníonn CAR Clár Riosca agus déanann bainistíocht shinsearach athbhreithniú go rialta air agus oibríonn CAR i bpáirt leis an gcoiste iniúchta chun rioscaí a bhainistiú.</p>

## 7. Faisnéis Airgeadais

---

### Tobhach

Féadfaidh an Coimisiún rialúcháin a dhéanamh a ghearrann tobhach chun costais a tabhaíodh go cuí agus é i mbun a chuid feidhmeanna a ghlanadh. Tá an tobhach le híoc ag gnóthais sin de na gráid sin a bheadh sonraithe ag an gCoimisiún.

Ar 10ú Nollaig 2014 rinne an Coimisiún S.I. 563 de 2014 a ghearr tobhach do 2015. Tá súil ag an gCoimisiún go mbeidh teacht isteach de €2,141,421 in 2015 ón tobhach.

### Ráitis Airgeadais

I Feabhra 2014 cuireadh na dréachtráitis airgeadais le haghaidh 2013 faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le haghaidh iniúchta. In Eanáir, 2015 agus an t-iniúchadh críochnaithe cuireadh faoi bhráid an Aire Iompair iad. Tar éis dóibh dul faoi bhráid Thithe an Oireachtais cuirfear ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin iad.

Tá dréachtráitis airgeadais don bhliain dár críoch 31ú Nollaig, 2014 réitithe agus cuireadh chuig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste iad le haghaidh iniúchta ar 25ú Feabhra 2015. Tá sliocht as na dréachtráitis curtha ar fáil thíos. Níl an ráiteas ar pholasaithe cuntasaíochta agus na nótaí chuig na cuntais curtha ar fáil thíos ach beidh siad mar chuid de na cuntais fhoilsithe deiridh agus is cuid dhílis de na ráitis airgeadais iad.

**Dréachtchuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2014**

	<b>2014</b> <b>€ '000</b>	<b>2013</b> <b>€ '000</b>
<b>Ioncam</b>		
Ioncam ó Thobhach	2,323	2,523
Táillí Ceadúnais	193	163
Eile	31	42
<b>Ioncam Comhlán</b>	<b>2,547</b>	<b>2,728</b>
Aistriú (chuig) as Cuntas Caipitil	7	11
<b>Ioncam Glan</b>	<b>2,553</b>	<b>2,738</b>
<b>Caiteachas</b>		
Costais Foirne	1,062	1,141
Costais Pinsin	102	87
Sainchomhairle	283	43
Táillí Dí	73	24
Cíos	280	281
Éascaíocht Sceideal	321	279
Eile	428	417
	<b>2,549</b>	<b>2,273</b>
<b>Barrachas/Easnamh Oibriúcháin</b>	<b>5</b>	<b>466</b>
Iarmhéid ar 1 Eanáir	2,570	2,104
Iarmhéid ar 31 Nollaig	2,574	2,570

**Dréachtráiteas den iomlán Gnóthachain agus Cailteanais aitheanta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014**

	<b>2014</b> <b>€ '000</b>	<b>2013</b> <b>€ '000</b>
Barrachas/Easnamh Oibriúcháin	5	466
Fíor-theacht isteach lúide an teacht isteach a raibh súil leis ó shócmhainní na scéime pinsin.	203	134
Gnóthachain/ Cailteanais Taithí de bharr dliteanas na scéime pinsin.	(34)	112
Athruithe ar an mbonn tuisceana atá mar bhunús ag luach an lae inniu atá tugtha ar dhliteanais na scéime pinsin	(858)	(251)
Gnóthachan (cailteanas) achtúireach	(690)	(5)
<b>Gnóthachain (Cailteanais) Aitheanta Iomláin atá bainteach leis an mBliain Airgeadais</b>	<b>(685)</b>	<b>460</b>

*Is ionann an gnóthachan carntha atá aitheanta ó ghnóthachain agus cailteanais achtúireacha a tháinig chun cinn sna ceithre bliana seo caite agus €633,894.*

**Dréachtghluaiseacht sa Chúlchiste Pinsin**

	<b>2014</b> <b>€ '000</b>	<b>2013</b> <b>€ '000</b>
Iarmhéid ar 1 Eanáir	(48)	(43)
Gnóthachan/(Cailteanas) Achtúireach	(690)	(5)
<b>Iarmhéid ar 31 Nollaig</b>	<b>(738)</b>	<b>(48)</b>

**Dréachtchlár Comhardaithe mar a bhí ar 31 Nollaig**

	<b>2014</b> <b>€ '000</b>	<b>2013</b> <b>€ '000</b>
<b>Sócmhainní Seasta</b>		
Sócmhainní Inláimhsithe	1	8
<b>Sócmhainní Reatha</b>		
Cuntais Bainc	15,396	14,703
Féichiúnaithe agus Réamhócaíochtaí	265	241
	<b>15,660</b>	<b>14,944</b>
<b>Creidiúnaithe (Suimeanna dlite laistigh de bhliain)</b>		
Creidiúnaithe agus Fabhruithe	(175)	(140)
Cuntais Bannaí Airgid	(12,879)	(12,183)
	<b>(13,054)</b>	<b>(12,323)</b>
<b>Glan-Sócmhainní/Dliteanais</b>	<b>2,606</b>	<b>2,621</b>
<b>Sócmhainní Iomlána Iúide Dliteanais Reatha</b>	<b>2,607</b>	<b>2,629</b>
<b>Foráil i leith Dliteanas agus Muirear</b>	<b>-</b>	<b>-</b>
<b>Glan-Sócmhainní gan Dliteanas Pinsin a áireamh</b>	<b>2,607</b>	<b>2,629</b>
Glan-Sócmhainn/(Dliteanas) Pinsin	(770)	(99)
<b>Glan-Sócmhainní/ (Dliteanais) agus Sócmhainn/ (Dliteanas) Pinsin san áireamh</b>	<b>1,838</b>	<b>2,529</b>
<b>Maoinithe ag</b>		
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais Barrachas/ (Easnamh)	2,574	2,570
Cuntas Caipitil	1	8
Cúlchiste Pinsin	(738)	(48)
	<b>1,838</b>	<b>2,529</b>

*Is cuid dhílis de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas faoi Pholasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas Sreabhadh Airgid agus na Nótaí 1 go 18.*

## Dréachtráiteas Sreabhadh Airgid don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014

	2014 € '000	2013 € '000
<b>Réiteach barrachas oibriúcháin le glan-insreabhadh (eis-sreabhadh) airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin</b>		
Barrachas (Easnamh) in Ioncam agus Caiteachas	5	466
Difríocht idir Chostas Pinsin agus ranníocaíocht an fhostóra	(19)	(35)
Dímheas	4	11
Glan-Ús bainc faighte tar éis táillí bainc a íoc	(27)	(37)
Amúchadh ar shócmhainn caipitil	(4)	(11)
Méadú/ (Laghdú) ar Fhéichiúnaithe	8	18
Laghdú/ (Méadú) ar Réamhíocaíochtaí	(32)	(8)
Laghdú/ (Méadú) ar Chreidiúnaithe	25	(78)
(Laghdú)/Méadú ar Fhabhruithe	10	(121)
(Laghdú)/ Méadú ar Fhorálacha	-	-
Glan-Insreabhadh (Eis-sreabhadh) airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	(31)	205
<b>Ráiteas Sreabhadh Airgid</b>		
Glan-Insreabhadh (Eis-sreabhadh) airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	(31)	205
Torthaí ar Infheistíochtaí		
Ús Bainc	31	40
Táillí Bainc Íoctha	(3)	(3)
Maoiniú		
Méadú/ (Laghdú) ar Cuntais Bannaí Airgid & TPF	696	(1,062)
Bainistiú ar Acmhainní Leachtacha (Méadú)/ Laghdú ar Chistí i dtaisce.	(31)	(90)
<b>Méadú/ (Laghdú) ar Iarmhéid Airgid</b>	<b>662</b>	<b>(910)</b>
<b>Réiteach glansreabhadh airgid le gluaiseachtaí i nglanchistí.</b>		
Méadú/ (Laghdú) ar airgead ar láimh sa tréimhse	662	(910)
Airgead a úsáideadh chun acmhainní leachtacha a (Laghdú)/ a mhéadú.	31	90
Athruithe i nGlanchistí	692	(819)
Glanchistí Oscailte	14,703	15,523
Glanchistí Dúnta	15,396	14,703

*Is cuid dhílis de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas faoi Pholasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas Sreabhadh Airgid agus na Nótaí 1 go 18.*

*Toisc go bhfuil uimhreacha slánaithe ceann ar cheann tharlódh nach mbeidh na hiomláin ag teacht leo.*



## 8. Aguisín

### Páipéir an Choimisiúin foilsithe in 2014

Páipéar	Teideal
CP1/2014 Bealtaine 2014	Uasleibhéal Tháillí Aerfoirt ag Aerfort Bhaile Átha Cliath Dréachtchinneadh 2014
CP2/2014 Deireadh Fómhair 2014	Uasleibhéal Tháillí Aerfoirt ag Aerfort Bhaile Átha Cliath Cinneadh 2014
CP3/2014 Nollaig 2014	Treoir ar Scoir as an mbuiséad le Talamh i gcomhcheangal le hAerfort Bhaile Átha Cliath
CN1/2014 Eanáir 2014	Socruithe i leith Cheadúnú an Tionscal Taistil san Earrach 2014
CN2/2014 Iúil 2014	Socruithe i leith Cheadúnú an Tionscal Taistil sa bhFómhar 2014

### Tuairisc Aschuir

### Táillí agus Rialáil Sliotán

Spríoc 2014	Toradh 2014
Obair a thabhairt chun críche ar an gcéad Chinneadh eile ag rialú tháillí aerfoirt ag Aerfort Bhaile Átha Cliath	I ndiaidh phróiseas cuimsitheach comhairliúcháin foilsíodh an Cinneadh Deiridh i nDeireadh Fómhair 2014
Obair a thosú ar an gcéad Chinneadh eile ag rialú tháillí seirbhíse aerstáisiún eitlíochta ag Aerfort Bhaile Átha Cliath, Chorcaigh agus na Sionainne.	Ó 1ú Eanáir tá Rialúchán EU Uimh. 1191/2010 Choimisiún na hEorpa tagtha in ionad na feidhme seo agus IAA ainmnithe ina Údarás Maoirseachta Náisiúnta.
Maoirseacht a dhéanamh ar ghéilliúntas le caidhpeanna praghais reatha agus oibriú mín leanúnach an chórais sceidealaithe reatha ag Aerfort Bhaile Átha Cliath a chinntiú.	An Coimisiún sásta gur chloígh daa agus IAA le caidhpeanna praghais. Tuairiscí foilsithe gach ráithe ar chéimeanna i leith chaighdeán seirbhíse do daa agus IAA. D'fhreastail ar chruinnithe Choiste Comhordaithe agus ghníomhaigh i bpáirt le ACL chun maoirseacht a dhéanamh ar threochtaí tráchta in Aerfort Bhaile Átha Cliath.

## Ceadúnú agus Faomhadh

Sprioc 2014	Toradh 2014
Leanúint ag riaradh na gcóras ceadúnaithe agus faofa d'aeriompróirí, láimhseálaithe ar talamh agus do chomhlachtaí sa tionscal taistil	Rinneadh próiseáil ar iarratais uile go tráthúil agus rinneadh géilliúntas shealbhóirí ceadúnas reatha leis an reachtaíocht a mhaoirsiú.  Athbhreithniú tar éis dhá bhliain críochnaithe ar an gceadúnas oibríochta atá ag aeriompróir amháin.
Tuiscint ar an gcóras ceadúnaithe a chur chun cinn i measc an tionscail agus an phobail	Eisíodh dioscaí ceadúnais le haghaidh 2015 d'oibreoirí héileacaptar agus aerárthaí beaga uile.  Foilsíodh Liosta Ceisteanna Coitianta faoi Cheadúnú Aerlíne agus Láimhseála ar Talamh ar shuíomh gréasáin CAR  Tugadh cuairteanna neamhfhoirmiúla ar aerfoirt agus ar 13 chomhlacht láimhseálaithe ar talamh in 2014. Tugadh cuairt ar 27 áitreabh an Tionscail Taistil.
Moltaí AE i leith Rialúchán leasaithe ar Láimhseáil ar Talamh.	Ag leibhéal an AE chinn Coimisiún na hEorpa gan dul chun cinn lena bpleananna faoi thogra reachtach a réiteach i leith rialúcháin faoi láimhseáil ar talamh

## Ceartha Aerphaisinéirí

Sprioc 2014	Toradh 2014
Géilliúntas le dlí an AE i leith ceartha paisinéirí a chinntiú.	1153 clamhsán faighte faoin dá Rialúchán. 426 clamhsán le haghaidh comhfhoras forfheidhmithe.  727 clamhsán fiosraithe. 544 críochnaithe.  8 gcigireacht déanta.
Féachaint le tuiscint an phobail a mhéadú i leith shaincheisteanna ceartha paisinéirí.	Glac páirt in Aonach Saoire Domhanda 2014.  Feachtas sna meáin a phriontáil agus a chur i láthair ag ócáidí tionscail.
Comhairle faoi athruithe féideartha ar Rialúchán 261	Ag braith ar an bpróiseas athmhúnlú a bheith críochnaithe.

## Príomhtháscairí Feidhmíochta

Táscaire Feidhmíochta	2014	2013
<b>Ceadúnú an Tionscail Taistil</b>		
Fógra faighte ag iarratasóirí faoi dhoiciméid ar iarraidh laistigh de sheachtain	82%	28%
Cinneadh i bprionsabal faighte ag iarratasóirí ceadúnas laistigh de mhí	87%	64%
Ceadúnais eisithe laistigh de choicís i ndiaidh na doiciméid uile a bheith faighte.	93%	92%
Líon Áitreabh Ceadúnaithe ar tugadh cuairt orthu.	27	31
<b>Éilimh ón Tionscail Taistil agus Aisdúichithe</b>		
Líon éileamh faighte i ndiaidh clistí	0	12
Líon éileamh próiseáilte laistigh de dhá mhí	n/a	100%
Líon éileamh próiseáilte laistigh de cheithre mhí	n/a	100%
Líon éileamh próiseáilte laistigh de shé mhí	n/a	100%
Costais riaracháin mar chéatadán de chostais iomlán éileamh	n/a	10%
Líon na bpaisinéirí aisdúichithe	0	0
Paisinéirí ag fanacht le haghaidh aisdúichithe i ndiaidh an dáta fillte sceidealaithe	n/a	n/a
Paisinéirí ag fanacht níos mó ná seachtain le haghaidh aisdúichithe	n/a	n/a
<b>Cosaint Tomhaltóra</b>		
Réamh-athbhreithnithe ar chlamhsáin críochnaithe laistigh de sheachtain	88%	90%
Clamhsáin curtha ar aghaidh ag NEB eile laistigh de mhí ón dáta fála	79%	98%
Fiosrúcháin críochnaithe laistigh de thrí mhí ón dáta fála. <sup>7</sup>	76%	84%
Fiosrúcháin críochnaithe laistigh de sheacht mí ón dáta fála. <sup>8</sup>	100%	97%
Líon cigireachtaí aerfoirt	8	10
<b>Costais</b>		
Athrú bliantúil ar chostais CAR	+12%	-16%
Athrú bliantúil ar chostais CAR (gan táillí dlí, ná costais comhordaithe aerfoirt agus próiseála éileamh san áireamh).	+10%	-10%

<sup>7</sup> Maidir le clamhsáin a fuarthas idir 1 Iúil 2013 agus 30 Meitheamh 2014; moill chomhchosúil sa bhliain roimhe.

<sup>8</sup> Maidir le clamhsáin a fuarthas idir 1 Iúil 2013 agus 30 Meitheamh 2014, moill chomhchosúil sa bhliain roimhe.